

# Conspóid na Feola

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoi chonspóid na feola i monarchana áirithe in Éirinn faoi láthair.

Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

- 1) working with \_\_\_\_\_
- 2) food standard agencies \_\_\_\_\_
- 3) in the north \_\_\_\_\_
- 4) influence \_\_\_\_\_
- 5) distributor \_\_\_\_\_
- 6) Islamic law \_\_\_\_\_
- 7) serious cause of concern \_\_\_\_\_
- 8) hit hard \_\_\_\_\_
- 9) coming after \_\_\_\_\_
- 10) that the same would happen \_\_\_\_\_

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

**Ceist 2** Scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre agus ansin cuir an méid a scríobh tú i gcomparáid leis an duine in aice leat.

**Ceist 3** ‘...Moslamach...’

- A. Déan liosta de na reiligiúin is coitianta in Éirinn.
- B. Creideann Moslamaigh sa chreideamh Ioslamach. Scríobh liosta anois d’ainmneacha na ndaoine a chreideann sna reiligiúin a scríobh tú faoi A thuas.

**Ceist 4** ‘...cúis mhór...’

- A. Cuir **b** in aice leis na focail bhaininsneacha agus **f** in aice leis na focail fhirinsneacha:

an bhean, an fear, an cailín, an buachaill, an deirfiúr, an mháthair

- B. Anois cuir an aidiacht **beag** tar éis na bhfocal thuas.
- C. Cuir an t-alt agus réamhfocal simplí leis na hainmfhocail agus an aidiacht **beag** anois, mar shampla: *leis an mbean bheag*.
- D. Cad faoin uimhir iolra? Cuir na hainmfhocail agus na haidiachtaí san uimhir iolra anois.

**Ceist 5** '...á soláthar...'

Tá roinnt briathra sa Ghaeilge a bhfuil deireadh caol acu sa mhodh ordaitheach, ach deireadh leathan san ainm briathartha acu, mar shampla:

Soláthair, ach **ag soláthar / á soláthar / a sholáthar**

Cad é an t-ainm briathartha atá ag na briathra seo:

Taistil  
Buail  
Cuir  
Siúil  
Braith  
Ceangail

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa

- An itheann tú féin feoil nó an feoilséantóir tú? Cén fáth?
- An mbeadh drogall ort anois burgar a ithe tar éis na scéalta seo a chloisteáil? Cén fáth?
- Cad é an rud ab aistí a d'ith tú i do shaol?
- Cén fáth a mbíonn daoine ag caitheamh anuas ar bhia próiseáilte, dar leat?

## Freagraí

### Ceist 1

- |                                |                                   |
|--------------------------------|-----------------------------------|
| 1) working with                | <i>ag comhoibriú le</i>           |
| 2) food standard agencies      | <i>áisíneachtaí caighdeán bia</i> |
| 3) in the north                | <i>ó thuaidh</i>                  |
| 4) influence                   | <i>tionchar</i>                   |
| 5) distributor                 | <i>dáileoir</i>                   |
| 6) Islamic law                 | <i>dlí Ioslamach</i>              |
| 7) serious cause of concern    | <i>cúis mhór imní</i>             |
| 8) hit hard                    | <i>buailte go trom</i>            |
| 9) coming after / in the heels | <i>sna sála ar</i>                |
| 10) that the same would happen | <i>go dtarlódh a mhacasamhail</i> |

### Ceist 2

Cuir an mhír ar siúl arís uair nó dhó agus iarr ar na foghlaimeoirí achoimre ghearr a scríobh síos. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach beirt an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid le chéile, mar go gcuireann an plé agus an scríobh le chéile go mór le foghlaim na teanga.

### Ceist 3

Eaglais Chaitliceach Rómhánach – Caitliceach/ Caitlicigh  
Eaglais Phreispitéireach in Éirinn – Preispitéireach/ Preispitéirigh  
Eaglais Mheitidisteach in Éirinn – Meitidisteach/ Meitidistigh  
Anglacánachas (Eaglais na hÉireann) – Anglacánach/ Anglacánaigh  
Hiondúchas – Hiondúch/ Hiondúigh  
Ioslamachas – Moslamach/ Moslamaigh

### Ceist 4

- A. an bhean **b**, an fear **f**, an cailín **f**, an buachaill **f**, an deirfiúr **b**, an mháthair **b**
- B. an bhean bheag, an fear beag, an cailín beag, an buachaill beag, an deirfiúr bheag, an mháthair bheag
- C. leis an mbean bheag, ag an bhfear beag, ar an gcailín beag, faoin mbuachaill beag, leis an deirfiúr bheag, ar an máthair bheag. (Más Gaeilge Uladh atá ag do rang beidh séimhiú seachas urú ar an ainmfhocal.)
- D. na mná beaga, na fir bheaga, na cailíní beaga, na buachaillí beaga, na deirfiúracha beaga, na máithreacha beaga.

### Ceist 5

Taistil – ag taisteal  
Buail – ag bualadh  
Cuir – ag cur  
Siúil – ag siúl  
Braith – ag brath  
Ceangail – ag ceangal

### Ceist 6

Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

### Eimear Ní Chonaola

Deir an comhlacht feola McColgans i gContae Thír Eoghain go bhfuil siad ag comhoibriú le háisíneachtaí caighdeán bia ó thuaidh ó tháinig sé chun cinn go raibh rian DNA muiceola i dtáirgí de chuid an chomhlachta. Frítheadh an DNA seo i bpióga Halal a bhí á soláthar do phríosúin sa mBreatain<sup>1</sup>. Dúirt duine den phobal Ioslamach in Éirinn go mbeadh tionchar ag an scéala seo ar dhíol feola in Éirinn.

### Áine Ní Bhreisleáin

Is fada monarcha<sup>2</sup> McColgans lonnaithe ar an tSrath<sup>3</sup> Bán i dTír Eoghain. Thosaigh an gnó mar shiopa búistéara. Anois tá thart ar chéad duine fostaithe anseo. Déantar feoil a phróiseáil do phióga agus do bhia reoite. Díoltar táirgí le siopaí cosúil le *Spar*, *Centra*, *Lidl* agus *Superquinn*. Tá conarthaí<sup>4</sup> ag McColgans le dáileoirí<sup>5</sup>, ceann de na grúpaí sin ná an comhlacht 3663 a chuir pióga McColgans ar fáil do sheirbhís phríosúin na Breataine. Rinneadh pióga Halal déanta le mairteoil do na príosúin ach bhí rian de DNA muiceola i gcuid de na pióga seo. Faoi dhlí Ioslamach ní féidir le Moslamaigh muiceoil a ithe ar chor ar bith. Dúirt an Dr Ali Saleem, ball den phobal Moslamach<sup>6</sup> i mBaile Átha Cliath gur cúis mhór imní an scéala seo dó féin agus do Mhoslamaigh. Beidh tionscal na mairteola in Éirinn buailte go trom aige seo, a dúirt sé. Tá an méid seo ag teacht sna sála ar chás *Silvercrest Foods* i gContae Mhuineacháin, áit a dtáingthas<sup>7</sup> ar lorg DNA capaill i mburgairí. Chaill an comhlacht conarthaí móra dá bharr agus tá imní ar an tSrath Bán go dtarlódh a mhacasamhail do mhonarcha McColgans. Tuigtear nach bhfuil táirgí feola eile de chuid McColgans á scrúdú faoi láthair seachas na cinn Halal.

I ráiteas, deir comhlacht McColgans go bhfuil siadsan ag comhoibriú leis an áisíneacht bia faoin chás seo. Tá táirgí a raibh an rian de DNA muiceola ar fáil iontu bainte ón mhargadh ag McColgans. Tuigtear nach raibh na táirgí Halal a raibh an rian sin DNA iontu ar díol don phobal ach go raibh siad ar fáil don tSeirbhís Phríosúin sa Bhreatain amháin.

---

<sup>1</sup> sa *Bhreatain* atá sa chaighdeán oifigiúil

<sup>2</sup> *monarchan* a deirtear

<sup>3</sup> Cuirtear **t** ar ainmfhocal firinsneach a thosaíonn ar **s** go minic i gcanúint Uladh.

<sup>4</sup> *conraithe* a deirtear

<sup>5</sup> *dáilitheoir* a deirtear

<sup>6</sup> *Pobal Mhoslamach* a deirtear

<sup>7</sup> *Ar tháingthas* atá sa chaighdeán